



# Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2019

Scoileanna Caitliceacha: Obair na Scoileanna Caitliceacha Áitiúla a Cheiliúradh

## Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2019 a Cheiliúradh sa Pharóiste

### Scoileanna Caitliceacha: Obair na Scoileanna Caitliceacha Áitiúla a Cheiliúradh

Cuirtear tús le Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2019 ar an Domhnach 27 Eanáir, an Tríú Domhnach Saor sa bhliain, agus is é an téama a bhaineann leis ná Scoileanna Caitliceacha: Obair na Scoileanna Caitliceacha Áitiúla a Cheiliúradh.

Is é seo an t-aonú bhliain déag dúinn Seachtain na Scoileanna Caitliceacha a reáchtáil ar mhaithe leis na scoileanna a cheiliúradh. I mbliana beimid ag déanamh ceiliúradh ar an ionchur i misean na hEaglaise atá á bhaint amach ag na scoileanna ní hamháin i measc phobail an chreidimh, ach sa domhan i gcoitinne. Iarrtar orainn adhradh a dhéanamh mar phobal, agus ag tús Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2019 tugtar deis iontach dúinn smaoinemh ar na bealaí ina bhféadfadh pobal an pharóiste ómós agus tacaíocht a léiriú i dtaobh phobal na scoile. Beidh ceiliúradh seachtaine ann, agus deiseanna éagsúla ina bhféadfadh comhlúadar an pharóiste páirt a ghlacadh, agus luaitear cuid acu thíos.

### Domhnach, 26 Eanáir: Ceiliúradh na hEocairiste don Tríú Domhnach Saor

Cabhróidh grúpa liotúirgeach an pharóiste le hullmhú an Aifrinn seo. Bíodh páirt ag Seachtain na Scoileanna Caitliceacha i saol na hEaglaise in aghaidh na bliana más féidir. Cuirtear tús le Seachtain na Scoileanna Caitliceacha i gcónaí ar an Domhnach deiridh de mhí Eanáir.

### Cruinniú

D'fhéadfaí cruinniú a reáchtáil le príomhoidí, agus le múinteoirí na mbunscoileanna agus na n-iar-bhunscoileanna i rith na seachtaine roimh ré. D'fhéadfaí moltaí a lorg maidir le ceiliúradh obair na scoileanna Caitliceacha indibhidiúla sa pharóiste i rith liotúirge 27 Eanáir. Mura mbíonn iar-bhunscoil Chaitliceach agaibh an bhféadfaí daltaí a chónaíonn sa pharóiste agus atá ag freastal ar iar-bhunscoileanna ón taobh amuigh a spreagadh le bheith páirteach sa liotúirge? Bíodh ball de ghrúpa liotúirgeach an pharóiste i láthair ag an gcruinniú seo.

## An tAifreann

### Fáiltiú & Míniú

Cuir fáilte roimh chách agus tabhair míniú gairid ar théama Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2019: Obair na Scoileanna Caitliceacha Áitiúla a Cheiliúradh. Tá cur síos ar an téama ag: [www.catholicschools.ie](http://www.catholicschools.ie).

### Mórshiúl Tosaigh

Bíodh mórshiúl i dtosach ar an Domhnach seo. Bíodh siombailí a chuireann síos ar fhéiniúlacht gach scoil Chaitliceach sa pharóiste á n-iompar ag daltaí/oidí más féidir. Má bhíonn taispeántas sa séipéal maidir le Seachtain na Scoileanna Caitliceacha, is féidir na siombailí a chur isteach leis an taispeántas, i rith aon mhórshiúl tosaigh.

### Ceol

Bíodh baint ag daltaí scoile/oidí leis an gceol a sholáthar. D'fhéadfadh grúpa daltaí an Salm a chanadh, agus Comhgháir an tSoiscéil chomh maith.

### Liotúirge an Bhriathair

Is féidir na léachtaí, guí an phobail, agus gach a mbaineann leis an Tríú Domhnach Saor a fháil as Gaeilge in eagrán Nollaig/Eanáir Intercom. Tá nótaí aithisc ar fáil in eagrán Eanáir de The Furrow. Toisc gur ceiliúradh Eocairisteach an pharóiste atá anseo, bíodh na gnáthléitheoirí ainmnithe ann leis na léachtaí a léamh. Tugtar le fios dá bharr do chách, gur deis atá in Eocairist an Domhnaigh an uile dhuine againn a chothú ionas go bhféadfaimis dul ar ais isteach i gcomhlúadar na scoile agus an bhaile, leis an Soiscéal a chraobhscaoileadh. Bíodh Guí an Phobail amháin ann ar a laghad a dhéanann tagairt do na scoileanna Caitliceacha agus don obair a dhéanann siad. Tabhair cuireadh do dhaoine óga na paidreacha a chumadh agus a léamh ag an Aifreann.



# Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2019

Scoileanna Caitliceacha: Obair na Scoileanna Caitliceacha Áitiúla a Cheiliúradh

## An Altóir a Ullmhú agus Toirbhirt na nOfrálacha

Tabhair cuireadh d'ionadaithe ón scoil, ón mbaile agus ón bparóiste an altóir a ullmhú agus na bronntanais den arán agus den fhíon a thabhairt aníos. Cuireann a leithéid i gcuimhne dúinn ar bhealach sofheicthe go gcaithfidh na trí ghrúpa seo a bheith ag comhoibriú lena chéile toisc gur den Eaglais sinn, ionas go mbeimid mar fhinnéithe ar luachanna an tSoiscéil os comhair chách

### Fáiltiú

Ba rud maith é fáiltiú a eagrú i ndiaidh an Aifrinn. D'fhéadfadh cumann na dtuismitheoirí, comhairle an pharóiste nó eagrais áitiúla eile a leithéid a eagrú i gcomhar lena chéile.

## Scoileanna Caitliceacha: Obair na Scoileanna Caitliceacha Áitiúla a Cheiliúradh

### Nuachtlitir an Pharóiste

Is féidir imeachtaí Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha a chur os comhair chách trí nóta a chur i nuachtlitir an pharóiste. Ba cheart go mbeadh cur síos ar na himeachtaí poiblí a reáchtálfar sa pharóiste.

Tá sampla anseo a bheadh oiriúnach don nuachtlitir:

Cuirtear tús le Seachtain na Scoileanna Caitliceacha ar an Domhnach 27 Eanáir. Beidh ceiliúradh á dhéanamh i rith na seachtaine seo ar an obair uathúil a dhéanann na scoileanna Caitliceacha, na Bunscoileanna agus na hlar-bhunscoileanna, le misean na hEaglaise a chur chun cinn i measc an phobail creidimh áitiúil agus i lár na hEaglaise ar fad. Is é téama na bliana seo ná 'Scoileanna Caitliceacha: Obair na Scoileanna Caitliceacha Áitiúla a Cheiliúradh'. Beidh an paróiste seo ag glacadh páirte trí .....

D'fhéadfadh na daltaí scoile an nuachtlitir a scaipeadh ag an Aifreann

### Ionad Taispeántais

Ba cheart plé a dhéanamh leis na húdaráis ionas go bhféadfaí taispeántas a chur in airde a thabharfadh léargas ar obair agus ar uathúlacht na scoileanna éagsúla atá sa pharóiste.

### Boird Bhainistíochta/Gobharnóirí

Bíodh Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2019 luaite ar an gclár oibre don chéad chruinniú eile de na boird. Ullmhaíodh acmhainní oiriúnacha don fhoireann agus do na boird a chuirfeadh ar a gcumas machnamh a dhéanamh ar théama na bliana seo. Tá na hacmhainní ar fáil ag: [www.catholicbishops.ie](http://www.catholicbishops.ie).

### An Chomhairle Thréadach

Luaigh Seachtain na Scoileanna Caitliceacha leis an gcomhairle thréadach le fáil amach conas mar a d'fhéadfaí í a cheiliúradh sa pharóiste i mbliana. Tá sliocht maidir le tógáil na scoile Caitlicí mar phobal, ar fáil i Share the Good News: National Directory for Catechesis agus chabhródh sé le plé a dhéanamh maidir le ról na scoileanna Caitliceacha agus an bealach ceart ina bhféadfadh pobal an chreidimh tacú leo.

Ba mhaith an rud é dá dtabharfadh séiplíneach na scoile cuairt ar an méid ranganna agus is féidir i rith na seachtaine. Tá acmhainní ar fáil agus téama in aghaidh an lae a thabharfadh fócas don chuairt.

Spreag na scoileanna le páirt a ghlacadh i Lá na Seantuismitheoirí: 30 Eanáir.